Gné lárnach is ea cosaint chliant an tionscail slándála agus an phobail ghinearálta maidir le misean an Údaráis Slándála Príobháidí. Mar rialtóir an tionscail slándála príobháidí, tá an PSA freagrach as a chinntiú go soláthraítear gach gné de sholáthar slándála príobháidí de réir na gcaighdeán is airde. Leagtar amach sa straitéis seo conas a bheartáimid tabhairt faoinár misean sna trí bliana atá amach romhainn a fhad le Meán Fómhair 2017.

Agus an straitéis seo á hullmhú againn, thugamar faoi chomhairliúchán fairsing poiblí lenár bpáirtithe leasmhara uile – fostóirí an tionscail agus comhlachtaí fostaithe, Ranna Rialtais, an Garda Síochána, eagraíochtaí um oiliúint an tionscail agus comhlachtaí deimhnithe an tionscail. Rinne an próiseas seo ár gcuspóirí a chuíchóiriú lena chinntiú go bhfuil siad praiticiúil agus inbhainte amach agus go ndéanann siad mórdhifriocht do chliant an tionscail agus iad ina gceannaitheoirí agus don phobal mór a mbíonn teagmháil laethúil acu leis na soláthróirí slándála.

Tugann an straitéis faoin méid a leanas a dhéanamh:

- Rialáil na limistéar eile den tionscal slándála nach bhfuil á rialáil go fóill a chríochnú
- treoir agus ceangal ama straitéiseach a leagan amach chun an obair seo a chríochnú
- a chinntiú go bhfuil an bonneagar riachtanach i bhfeidhm ag an PSA chun córas éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar do na hearnálacha nua agus reatha den tionscal.

Pléann an cháipéis seo, ar an gcéad dul síos, i bhfriotal ginearálta, faoi ról an PSA, an dul chun cinn atá déanta acu go nuige seo agus cuireann sí an méid seo i gcomhthéacs an tionscail slándála. Leagann an cháipéis ár misean, fíis agus luachanna amach. Is iad seo na gnéithe a chuireann ár dtreoir straitéiseach chun cinn.

D'fhonn na spriocanna agus na cuspóirí amach anseo a leagan amach chun fíorghníomhaíocht a dhéanamh den treoir seo, tá an dul chun cinn a baineadh amach curtha i dtaifead againn. Déanann seo a chinntiú go ndéantar seo a chomhdhlúthú agus a thabhairt chun cinn isteach sa chéad straitéis eile.

Leagtar amach i Mír 4 ár straitéis i dtaobh na spriocanna straitéiseacha is mian linn a bhaint amach agus na cuspóirí ar leith atá le cur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn.

1. Réamhrá

Tá an plean straitéiseach seo ar an tríú plean den saghas seo de chuid an Údaráis Slándála Príobháidí, chuimsigh an plean deireanach an tréimhse trí bliana ó 2011 go 2013. Cuireann an plean seo leis an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo agus soláthraíonn sé treoir amach anseo dár n-obair. Tá sé beartaithe ag an bplean a chur in iúl go mbraithimid go bhfuil feidhm againn, an tuiscint atá againn ar na dúshlán atá roimh an PSA agus tionscal agus iad ag tabhairt faoin bhfeidhm seo, agus conas a bheartaímid tabhairt faoi na dúshlán seo agus na cleachtais áirithe a úsáidfimid chun amhlaidh a dhéanamh.

1.1 Faisnéis fúinn

Is iad an PSA an rialtóir don tionscal slándála príobháidí. Is é ár ról chun an pobal agus cliaint an tionscail slándála a chosaint trí chóras ardcháilíochta ceadúnaithe atá bunaithe ar chaighdeáin a chur chun cinn le haghaidh gnólachtaí agus daoine aonair a oibríonn sa tionscal slándála.

Tá an PSA freagrach as córas cuimsitheach ceadúnaithe atá bunaithe ar chaighdeáin a thabhairt isteach, a rialú agus a bhainistiú don tionscal slándála príobháidí. Is iad príomhfhreagrachtaí an Údaráis iad siúd a cheadúnú a chuireann seirbhísí slándála ar fáil agus is é an príomhchuspóir feabhas a chur ar chaighdeáin agus cáilíochtaí i soláthar na seirbhísí seo agus na caighdeáin agus cáilíochtaí seo a choimeád. Oibríonn an tÚdarás i gcomhpháirtíocht leis an tionscal, le fostóirí agus fostaithe araon, mar gheall go mbaineann gach duine sochar as na caighdeáin sa tionscal a ardú agus cinntíonn sé nach bhfuil gnólachtaí dlisteanacha faoi mhíbhuntáiste san áit mhargaidh.

Thug an PSA, faoi stiúir an mBoird, faoi réimse de bheartais a thacaíonn leis na cuspóirí straitéiseacha seo. Is éard atá sa Bhord ná ionadaithe d'fhostóirí agus d'fhostaithe slándála príobháidí, an lucht dlí, an Garda Síochána agus na Ranna cuí Rialtais, agus oibríonn siad go neamhspleách faoin Acht um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 agus leis an sainordú reachtúil a leanas:

- Rialú agus maoirsiú na ndaoine sin a sholáthraíonn seirbhísí slándála agus cothabháil agus feabhsú na gcaighdeán i soláthar na seirbhísí sin.
- Deonú agus athnuachan na gceadúnas.
- Eisiúint cártaí aitheantais do na ceadúnaithe.
- Cur ar fionraí agus cealú na gceadúnas.
- Bunú agus cothabháil cláir cheadúnaithe.
- Sonrú na gcaighdeán sin atá le comhlíonadh agus seirbhísí slándála príobháidí á soláthar.
- Sonrú na gcáilíochtaí nó na riachtanas sin a theastaíonn do dheonú ceadúnas.
- Tabhairt faoi nó coimisiúnú na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí sin atá riachtanach do phleanáil, d'fhorbairt agus do sholáthar na seirbhísí sin.
- Imscrúdú na seirbhísí slándála atá á gcur ar fáil ag aon duine.
- Bunú agus riar córais imscrúdaithe agus breithnithe gearán.
- Monatóireacht sholáthar na seirbhísí slándála príobháidí go ginearálta.
- Déanamh tadhail leis na ceadúnaithe.

- Comhairle a chur ar an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoi aon cheisteanna a bhaineann leis na feidhmeanna thuasluaite agus an tAire a chur ar an eolas faoi na forbairtí sin a bheadh ina gcabhair d'fhorbairt beartais.

Tugtar údarás don PSA faoin Acht um na Seirbhísí Slándála Príobháidí, 2004 (arna leasú) chun na hearnálacha a leanas den tionscal a rialáil:

Maoirseoir Dorais
 Suiteálaí Trealamh Leictreonach Slándála
 Garda Slándála
 Soláthróirí Cineálacha Cosanta Iompair
 Glasadóirí
 Soláthróirí agus Suiteálaithe Taisceadán
 Imscrúdaitheoirí Príobháideacha
 Comhairleoirí Slándála

Tá na hearnálacha seo roinnte, sa bhreis air sin, chun slándáil imeachtaí agus monatóireacht aláraim ionraidh agus trealamh CCTV a áireamh.

2. Treoir Straitéiseach don PSA

Soláthraíonn an misean, an fhís agus na luachanna an treoir straitéiseach uileghabhálach don PSA. Treoraíonn iad seo ár gcinntí a dhéanamh trí chabhrú linn tosaíochtaí a leagan amach agus ár leithdháileadh acmhainní a dheimhniú.

2.1 Ár Misean

Is é misean an PSA:

Gníomhaíochtaí iad siúd atá bainteach sa tionscal slándála príobháidí a rialú lena chinntiú go gcosnaítear go hiomlán leas tomhaltóirí trí chur chun cinn, monatóireacht a dhéanamh, agus trí cheanglais cheadúnaithe a fhorfheidhmiú.

2.2 Ár BhFís

Leanann ár bhfís bheith mar fhís ina gcosnófar leas tomhaltóirí trí thionscal ceadúnaithe agus grinnfhiosraithe ag a bhfuil ardchaighdeán feidhmíochta agus saineolais. Tá an fhís le comhlíonadh trí mhonatóireacht leanúnach a dhéanamh ar gach soláthróir ceadúnaithe agus gníomhaíocht sprioctha i leith iad siúd a sháraíonn caighdeán. Tá sé mar fhís againn tionscal a bhaint amach ina bhfuil an méid a leanas:

- Forfheidhmiú tréan a sholáthraíonn claochlú an tionscail
- Leibhéal fheabhsaithe Oiliúna agus Oideachais
- Coiriúlacht laghdaithe
 Tabhairt isteach iomlán an cheadúnaithe chuig limistéir nach bhfuil ceadúnaithe go fóill

agus Údarás Slándála Príobháidí ag a bhfuil an méid a leanas:

- Acmhainní leordhóthanacha chun seirbhísí a sheachadadh.
- Seachadadh Feabhsaithe Seirbhíse.

2.3 Ár Luachanna

- Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an Tionscal agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile chun creatlach rialála a fhorbairt óna mbainfidh soláthróirí seirbhíse agus an pobal mór sochar.
- Seirbhís den scoth do chustaiméirí a sholáthar do gach sealbhóir reatha ceadúnais, iarratasóirí nua ar cheadúnais agus tomhaltóirí seirbhísí slándála príobháidí.
- Costais a laghdú.
- Tabhairt faoinár ngnó ar bhealach trédhearcach, cothromaithe agus comhréireach.
- Bheith mar fhostóir samhlach trí thimpeallacht a chruthú inar féidir leis an bhfoireann na hacmhainní leordhóthanacha a bheith acu agus na scileanna a fhorbairt a theastaíonn chun oibriú agus a lánchumas á bhaint amach
- Caidreamh dlúth oibre a choimeád le comhlachtaí/eagraíochtaí eile a n-imríonn sainchúram an Údaráis tionchar díreach ar a ngnó nó a n-obair.
- Timpeallacht níos sábháilte a sholáthar don phobal mór trína chinntiú go mbaintear an cumas chun dul i mbun coiriúlachta laistigh den tionscal.

3. An staid reatha tionscail agus rialála

3.1 Anailís Comhshaoil

Comhlíonann slándáil phríobháideach príomhról maidir le sábháilteacht agus folláine shochoaí na hÉireann a chinntiú trí sheirbhísí slándála a sholáthraítear do chliant an tionscail agus an phobail a idirghníomhaíonn le slándáil phríobháideach ar bhonn laethúil. Soláthraíonn an tionscal slándála réimse fairsinge seirbhísí do limistéir ríthábhachtacha ghnó in Éirinn. Oibríonn an tionscal slándála i réimsí fairsinge, lena n-áirítear miondíol, airgeadas, fóillíocht, fuinneamh, eitlíocht, an comhshaol, cúrsaí tionsclaíocha agus iompar. Is éard a d'fhéadfadh bheith i gceist le hidirghníomhaíocht an phobail leis an tionscal slándála ná custaiméirí de chuid club oíche, mar ghrúpa a gcinntíonn CCTV a slándáil nó duine ar bith eile a fhaigheann airgead ó inneall dáilte a líonann foireann slándála príobháidí go slán. Gach lá, comhlíonann oifigigh cheadúnaithe shlándála príobháidí ról ríthábhachtach maidir le cosaint a sholáthar dúinn go léir.

Ó thosach na rialála i leith, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le caighdeáin ghairmiúla a thabhairt isteach sa tionscal. Tá gá leanúnach le breis forbartha agus léirítear seo sna tuairimí atá nochtá ag an tionscal é féin. Is éard atá i gceist leis an bhforbairt bhreise seo ná ceadúnú na n-earnálacha nó na limistéar a chríochnú nach bhfuil rialaithe agus caighdeáin agus cáilíochtaí méadaithe a sholáthar i limistéir inar cuireadh tús le ceadúnú cheana féin, e.g. rialú rochtana.

Nuair a bhí an straitéis seo á cruthú, chuaigh an PSA i gcomhairle lenár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha chun ionchur fairsing isteach chuig ár

straitéis a bhaint amach. Rinneadh ceistneoir a eisíodh do 45 páirtí mór leasmhar, iarratas ar aighneachtaí a fhógairt i ríomhíris an PSA a eisíodh do gach soláthróir ceadúnais agus rinneadh iad a fhógairt ar láithreán gréasáin an PSA ar feadh míosa. Sa mhullach air sin, chas an POF le líon páirtithe leasmhara mar chuid den phróiseas.

Teachtaireacht shoiléir ón gcomhairliúchán seo is ea gurb ann go fóill do na dúshláin a tháinig chun solais sa straitéis dheireanach mar gheall ar dheacrachtaí leanúnacha maicreacnamaíocha. Tá páirtithe leasmhara an tionscail ag iarraidh ar an PSA aon neamh-chomhlíonadh atá fanta a dhíbirt ionas go bhfuil machaire réidh ann do gach soláthróir. Ar an gcuma chéanna, aithnítear go bhfuil deacrachtaí acmhainní ann laistigh den PSA agus go bhfuiltear buartha nach mbaineann na hiarrachtaí a dhéanann an PSA chun a gcóras ceadúnaithe a chomhlíonadh de chomhlíonadh i limistéir atá ceadúnaithe cheana féin.

Mar aitheantas ar na deacrachtaí geilleagracha, is gá don PSA an córas rialála is éifeachtaí agus is éifeachtúla is féidir a sholáthar agus díriú ar ár n-úsáid féin acmhainní agus ar na costais a bhíonn ag scéimeanna éagsúla rialála ar an tionscal. Leag roinnt tráchtairí an bhéim ar an ngá atá le hanailís ar thionchar rialála lena chinntiú go bhfuil na samhlacha is costéifeachtúla rialála á soláthar.

Agus an plean seo á réiteach, bhaineamar sochar, chomh maith, as an méid a chuir ár bpáirtithe iomadúla leasmhara leis, lena n-áirítear grúpaí ionadaíocha fostóra, ceardchumann, daoine aonair, idir fhostóirí agus fhostaithe laistigh den tionscal agus ionadaithe de chliaint. Ina theannta sin, chuir an PSA san áireamh tuairimí na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais, an Gharda Síochána agus na gCoimisinéirí Ioncaim. Chomh maith leis sin, bhí feidhm lárnach ag ionchur fhoireann an PSA chun an straitéis seo a mhúnlú ó pheirspictíocht rialála agus phraiticiúil araon.

Tá bunadh maith faoin gcomhoibriú le Ranna Rialtais agus comhlachtaí eile reachtúla faoin dtaca seo agus beidh deiseanna ann chun cur níos mó leis an gcomhoibriú sin amach anseo. Ar a bharr sin, chuir foireann an PSA leis an straitéis seo agus béim ar leith a leagan ar na hacmhainní praiticiúla a theastaíonn chun an córas rialála is fearr is féidir a sholáthar ar bhealach chomh costéifeachtúil agus chomh héifeachtach agus is féidir.


Tá ról lárnach á chomhlíonadh ag an teicneolaíocht sa chúlra atá leis an straitéis seo, i dtaobh an bhealaigh a sholáthraíonn an PSA a seirbhísí don tionscal agus na seirbhísí a sholáthraíonn an tionscal dá chliaint. Ní mór don PSA a chinntiú go bhfuil na córais is fearr acu chun tabhairt faoin tsamhail rialála don tionscal agus a chinntiú go bhfuil fáil ar shaineolas foirne don obair a mbaineann an luach is airde léi. Ar an dóigh chéanna, ní mór don PSA réiteach a dhéanamh chun a samhail rialála a oiriúnú chun dul i ngleic leis an nuálaíocht theicniúil i soláthar seirbhísí slándála. D'fhéadfadh nach bhféadfaí saghsanna an tsoláthair shlándála a aithint in go leor cásanna faoi cheann cúig nó deich mbliana, agus ní mór don PSA a chinntiú gur féidir leis an rialáil coimeád sna sála ar an athrú sin.

De réir mar a dhruideann a gcomóradh deich mbliana leis an PSA, is fóirsteanach súil a chaitheamh ar a mbeidh i ndán dúinn sna deich mbliana atá amach romhainn agus ról an rialóra amach anseo a thuar a luaithe a chríochnaítear na limistéir eile atá le


ceadúnú. Réiteach atá sa chleachtadh seo, go héifeachtach, don chéad straitéis eile le linn shaolré na straitéise reatha.

3.2 An rath a bhí orainn go dtí seo

Tá ceadúnú á thabhairt isteach ag an PSA sa tionscal de réir a chéile. Is ionann na hearnálacha ceadúnaithe gnó, go dtí seo, agus 72% de gach gnó atá le ceadúnú. Is ionann na daoine aonair ceadúnaithe siúd agus 82% de gach duine aonair atá le ceadúnú. Is beag do na limistéir eile, cé go soláthraíonn siad seirbhísí ríthábhachtacha slándála, agus in go leor cásanna, déanann trádálaithe aonair iad a sholáthar ag a bhfuil roinnt bheag foirne nó foireann ar bith. Deighleoga ar leith den tionscal iad gach ceann de na limistéir eile, cé go bhfuil siad i bhfad níos lú ná iad siúd a ceadúnaíodh go dtí seo, agus teastaíonn a n-anailís, forbairt caighdeán agus a múscailt feasachta féin ó gach ceann díobh. Léiríonn na cairteacha lastall an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo.



Fíor 1 Forbheathnú ar ghnólachtaí sa tionscal a léiríonn iad siúd atá ceadúnaithe/le ceadúnú



Fíor 2 Forbheathnú ar dhaoine aonair sa tionscal a léiríonn iad siúd atá ceadúnaithe/le ceadúnú

Mhéadaigh an obair a rinneamar go dtí seo leis an tionscal a rialáil go mór na caighdeáin de sholáthar seirbhíse de chuid conraitheoirí a sholáthraíonn seirbhísí i nGardáil Slándála, Slándáil Dorais, suiteáil agus cothabháil Slándála Leictreonaí, Monatóireacht Aláirim agus Airgead faoi Bhealach. Imreofar a mhacasamhail de thionchar ar chaighdeáin de sholáthar seirbhíse i Slándáil Imeachtaí tar éis go ndéanfar ceadúnú ó 2014 i leith. Tá ceadúnú foirne a sholáthraíonn seirbhísí slándála Gardáil Slándála, Slándáil Dorais agus Airgid faoi Bhealach ar oiliúint éigeantach.

Ar aon dul leis an obair seo, tá ról leanúnach monatóireachta, imscrúdaitheach agus forfheidhmithe ag an PSA maidir le maoirsiú a dhéanamh ar sheirbhísí slándála príobháidí, agus d'éirigh leo iad siúd a ionchúiseamh a ndeimhnítear go bhfuil siad ag oibriú gan cheadúnas, mar aon le dul i mbun gníomhartha idir fógraí comhairleacha agus fionraí agus athghairm ceadúnas sa chás nach bhfuil na caighdeáin á mbaint amach.

Chruthaigh obair an PSA ioncam suntasach ónár ngníomhaíochtaí ceadúnaithe arb ionann é nó a sháraigh, go minic, an cistiú a leithdháil an Státchiste orthu. Baineann an Státchiste sochar suntasach eile mar gheall ar an ioncam breise a chruthaítear mar gheall go bhfuil comhlíonadh cánach ina cheanglas le haghaidh ceadúnú.

Is é an dúshlán atá roimh an PSA, amach anseo, sa timpeallacht reatha gheilleagrach ná chun na limistéir seo a rialáil ar bhealach costéifeachtúil a sholáthraíonn dearbhú do chliaint an tionscail agus don phobal maidir le cáilíocht soláthar seirbhís slándála.

3.3. Athbhreithniú ar Chur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach 2011-2013

Gníomhaíochtaí Tacaíochta

Braitheann an tÚdarás ar acmhainní leordhóthanacha ón Státchiste a ligeann dúinn tabhairt faoinár sainchúram rialála. Mar eagraíocht, tugaimid faoi luach ar airgead a sholáthar ar bhonn leanúnach trí na hacmhainní atá ar fáil a úsáid ar an mbealach is fearr is féidir. Leis an gcostas ar an Státchiste a sheach-chur, déanaimid ioncam a chruthú trí na táillí ceadúnais a ghearrtar ar an tionscal. Aithnímid, áfach, gurb acmhainn theoranta í seo agus go dtabharfaidh an PSA, le linn na tréimhse dúshlánaí seo, chun rialáil a sholáthar chomh héifeachtach agus chomh héifeachtúil agus is féidir.

Anuas ar dhíríú ar úsáid éifeachtach a bhaint as cistiú, cuirfidh an PSA feabhas ar na hacmhainní ríthábhachtacha eile atá ar fáil dúinn, mar aon le hiad a fhorbairt. Chruthaigh ár bhfoireann tuiscint mhionsonraithe ar an rialáil agus, go háirithe, eolas speisialaithe agus saineolach ar an tionscal slándála príobháidí. Aithnímid gur fearr is féidir ár gcuspóirí straitéiseacha a sholáthar trí na gníomhaíochtaí tacaíochta a leanas:

- Ár bhfoireann a fhorbairt
- Barr feabhais a chur ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíocht
- Feidhmíocht a bhainistiú

4. Príomhspríocanna agus Príomhghníomhartha Straitéiseacha

Spríoc 1: Leanúint le rialáil chéimnithe an tionscail slándála príobháidí.

Cuspóirí

Ceadúnú gnó a chríochnú trí imscrúdaitheoirí príobháideacha agus comhairligh shlándála a cheadúnú

Rialáil chéimnithe cHeadúnú daoine aonair a chur chun cinn trí cheadúnú a chríochnú don fhoireann a sholáthraíonn slándáil imeachtaí, seirbhísí monatóireachta, seirbhísí glasadóra agus suiteáil taisceadáin

Ceadúnú daoine aonair a chur chun cinn don fhoireann a sholáthraíonn imscrúdú príobháideach, comhairleoireacht slándála agus slándáil leictreonach

Athbhreithniú a dhéanamh ar shaolréanna ceadúnais i dtaobh gnólachtaí agus daoine aonair araon

Idir-inoibritheacht cheadúnas le ceadúnais na RA a chur chun cinn

Uirlisí chun na cuspóirí a chur i bhfeidhm

Teastóidh an méid a leanas ó chur i bhfeidhm rathúil an chuspóra seo

- Uasghráduithe ar na bunachair shonraí reatha chun cumas a chruthú chun iarratais bhreise a bhainistiú
- Saineolas teicniúil a earcú chun cabhrú leis an bhfoireann maidir le gnéithe teicniúla a thugann tús áite do shaineolas slándála leictreonaí

Ceadúnú gnó

Gníomh	Líne Ama	Toradh
An RIA a chríochnú le haghaidh imscrúdaitheoirí príobháideacha (gnó agus foireann)	Ráithe 3 2014	Cinneadh déanta ar cibé acu leanúint ar aghaidh nó gan leanúint ar aghaidh
An t-athbhreithniú a chríochnú ar idir-inoibritheacht cheadúnas a eisíodh i ndlínsí eile	Ráithe 1 2015	Forbhreathnú ar shaincheistanna a bhfuiltear le dul i ngleic leo
An rialáil riachtanach a chríochnú agus tús a chur le ceadúnú Imscrúdaitheoirí Príobháideacha má dhéantar cinneadh chun leanúint ar aghaidh	Ráithe 4 2015	Ceadúnú éigeantach faoi Ráithe 4 2015
Taighde a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí comhairligh shlándála mar an chéad chéim	Ráithe 2 2015	Taighde déanta chun faisnéis a sholáthar don RIA
An RIA a chríochnú le haghaidh comhairligh shlándála (gnó agus foireann)	Ráithe 4 2015	Cinneadh déanta ar cibé acu leanúint ar aghaidh nó gan leanúint ar aghaidh
Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin reatha le haghaidh slándáil leictreonach ag féachaint d'fhorbairtí teicneolaíochta	Ráithe 4 2015	Tuarascáil a réiteach don Aire ar threo na slándála leictreonaí amach anseo
Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsaolré cheadúnais	Ráithe 2 2015	Tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire, lena n-áirítear na dréachtrialacháin is gá
An rialáil riachtanach a chríochnú agus tús a chur le ceadúnú comhairligh shlándála má dhéantar cinneadh chun leanúint ar aghaidh	Ráithe 2 2016	Ceadúnú éigeantach faoi Ráithe 4 2016

Ceadúnú Daoine Aonair

Gníomh	Líne Ama	Toradh
An chéad chéim de chóras nua uathoibríthe a thabhairt isteach don chonraitheoir agus do dhaoine aonair	Ráithe 2 2015	Cumas chun líonta méadaithe a bhainistiú
Earnálacha a shainaithint a oireann do cheadúnú gan riachtanais shonracha oiliúna	Ráithe 1 2015	Ceadúnú bunaithe ar Chóid Chleachtais
Ceadúnú monatóireacht aonair a thabhairt isteach	Ráithe 2 2015	Tús curtha le ceadúnú monatóireacht CCTV
Ceadúnú aonair imeachtaí a thabhairt isteach	Ráithe 4 2015	Tús curtha le ceadúnú aonair imeachtaí
Ceadúnú aonair Imscrúdaitheora Phríobháidigh (rialáil éadroim, b'fhéidir) a thabhairt isteach	Ráithe 2 2016	Ceadúnú aonair IP tugtha isteach den chéad uair
RIA a dhéanamh ar cheadúnú Maoirseoirí Gardála	Ráithe 4 2015	Tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire
Ceadúnú aonair le haghaidh glasadóirí agus suiteálaithe taisceadán a thabhairt isteach	Ráithe 2 2016	Ceadúnú glasadóirí agus taisceadán tugtha isteach den chéad uair faoi Ráithe 3 2016
Ceadúnú aonair slándála leictreonaí a thabhairt isteach	Ráithe 3 2016	Ceadúnú slándála leictreonaí tugtha isteach den chéad uair
Ceadúnú aonair Comhairleach Slándála (rialáil éadroim, b'fhéidir) a thabhairt isteach	Ráithe 4 2016	Ceadúnú aonair Comhairleach Slándála tugtha isteach den chéad uair

Spríoc 2: Comhlíonadh ceanglais cheadúnaithe a chinntiú.

Cuspóirí:

Comhlíonadh iomlán a bhaint amach i ngach earnáil inar cuireadh tús le ceadúnú.

Comhlíonadh rialála a shíneadh isteach i limistéir nua atá le ceadúnú.

Níos mó a fhoilsiú faoi ghníomhaíocht chomhlíonta an PSA.

An cumas cigireachta a mhéadú chun soláthar a dhéanamh do riachtanais bhreise earnálacha nua.

Straitéis fhadtéarmach mhonatóireachta a fhorbairt ar a lánchumas a bhaint amach ag an tionscal.

Uirlisí chun na cuspóirí a chur i bhfeidhm

- Foireann bhreise tacaíochta chun cigireachtaí a riaradh agus comhcheangal cigirí inmheánacha agus seachtracha
- Acmhainní breise chun an líon cigireachtaí seachtracha a mhéadú
- Feabhas a chur ar bhunachair sonraí tacaíochta chun cuspóirí straitéiseacha a chur chun cinn

Gníomh	Líne Ama	Toradh
Leibhéil reatha chomhlíonta de cheadúnú gnó a choimeád	Ar bun go fóill	An rath atá orainn faoi láthair a choimeád
Feabhas a chur ar neamhchomhlíonadh a thuirisciú mar aon le beolíne an PSA a thabhairt isteach	Ráithe 3 2014	Deiseanna níos fearr le haghaidh idirghníomhú tionscail an PSA
Na leibhéil chomhlíonta gnó a mhéadú go dtí na leibhéil a leanas: Monatóireacht CCTV: 80 % Monatóireacht CCTV: 95 %	Ráithe 4 2014 Ráithe 4 2015	An sprioc thosaigh chomhlíonta leagtha amach agus obair forfheidhmithe a dhéanamh d'obair chomhlíonta sna blianta amach anseo
Glasadóirí agus Suiteálaithe Taisceadán: 70%	Ráithe 4 2015	
Glasadóirí agus Suiteálaithe Taisceadán: 85%	Ráithe 4 2016	
Glasadóirí agus Suiteálaithe Taisceadán: 95%	Ráithe 4 2017	
Imscrúdaitheoirí Príobháideacha: 40%	Ráithe 4 2016	
Imscrúdaitheoirí Príobháideacha: 60%	Ráithe 4 2017	
Imscrúdaitheoirí Príobháideacha: 70%	Ráithe 4 2018	
Imscrúdaitheoirí Príobháideacha: 80%	Ráithe 4 2019	
Comhairligh Shlándála: 80% Comhairligh Shlándála: 90%	Ráithe 4 2016 Ráithe 4 2017	
Na leibhéil chomhlíonta aonair a mhéadú go dtí na leibhéil a leanas: Slándáil Imeachtaí: 80% Slándáil Imeachtaí: 90%	Ráithe 4 2016 Ráithe 4 2017	

Foireann an Ionaid Mhonatóireachta: 80%	Ráithe 4 2015	
Foireann an Ionaid Mhonatóireachta: 90%	Ráithe 4 2016	
Breis comhcheangail a dhéanamh ar obair chigirí foirne agus cigirí seachtracha an PSA	Ráithe 4 2014	Úsáid níos mó a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil
An fhéidearthacht chun níos mó sonraí a fhoilsiú faoi ghníomhartha faoi Alt 26 a fhiosrú	Ráithe 1 2015	Trédhearcacht fheabhsaithe maidir leo siúd a fuair comhairle, rabhaidh, foláirimh agus urchoisc ón PSA.
Breis forbartha a dhéanamh ar chomhoibriú le Comhlachtaí Stáit eile trí Chreatlach an Mheabhráin Tuisceana a fhairsingiú	Ráithe 2 2015	Cigireachtaí eile Stáit a úsáid a mhéid is féidir chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an PSA d'fhonn na costais a íoslaghdú ar sholáthróirí comhlíontacha
Na leibhéil chomhlíonta a mhéadú go dtí na leibhéil a leanas: Glasadóirí agus Suiteálaithe Taisceadán: 95% Imscrúdaitheoirí Príobháideacha: 60% Comhairligh Shlándála: 90%	Ráithe 4 2017	Obair forfheidhmithe a dhéanamh d'obair chomhlíonta sna hearnálacha seo
Na leibhéil chomhlíonta a mhéadú go dtí na leibhéil a leanas: Imscrúdaitheoirí Príobháideacha: 70%	Ráithe 4 2018	Aistríonn obair chigireacht an PSA chuig monatóireacht a dhéanamh ar obair forfheidhmithe agus díriú ar neamhchomhlíonadh tromchúiseach
Na leibhéil chomhlíonta a mhéadú go dtí na leibhéil a leanas: Imscrúdaitheoirí Príobháideacha: 80%	Ráithe 4 2019	Monatóireacht leanúnach

Spríoc 3: Caighdeán a ardú laistigh den Tionscal.

Cuspóirí:

Caighdeán riachtanacha ghnó a chríochnú le haghaidh imscrúdaitheoirí príobháideacha agus comhairligh shlándála.

Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeán le haghaidh limistéir reatha an cheadúnaithe sa tslándaíl leictreonach.

Críochnú an cheadúnaithe aonair a éascú trí na riachtanais riachtanacha oiliúna a leagan amach chun ceadúnú glasadóirí, imscrúdaitheoirí príobháideacha, comhairligh shlándála, slándála leictreonaí, foireann slándála imeachtaí agus fhoireann an ionaid mhonatóireachta a éascú.

I limistéir nach ndéantar ionadaíocht fhairsing fhoirmiúil, déanfar breithniú ar an gceadúnú tosaigh, bunaithe ar chaighdeán íosta ionas gur féidir le gach páirtí leasmhar cur le forbairt caighdeán.

Tabhairt faoi thaighde teicniúil chun aon réitigh theicneolaíochta amach anseo a leagan amach i leith na rialála reatha isteach go treo an tionscail agus oiriúnacht na rialála amach anseo.

Uirlisí chun na cuspóirí a chur i bhfeidhm

Teastóidh an méid a leanas ó chur i bhfeidhm rathúil an chuspóra seo

- Acmhainn thiomanta theicniúil chun cabhrú leis an obair thaighde
- Acmhainní breise foirne chun maoirsiú a dhéanamh ar an taighde

Gníomh	Líne Ama	Toradh
Saineolas a sholáthar mar thacaíocht riachtanach leis an bhfoireann	Láithreach	An fhoireann curtha ar an eolas go hiomlán faoi shaincheisteanna ábhartha teicniúla i ngach earnáil
Comhaontú a dhéanamh ar chláir oiliúna le haghaidh foireann slándála imeachtaí	Ráithe 1 2015	Fáil ar chláir oiliúna chun ceadúnú foireann slándála imeachtaí a sheoladh
Comhaontú a dhéanamh ar chláir oiliúna le haghaidh fhoireann an ionaid mhonatóireachta	Ráithe 1 2015	Fáil ar chláir oiliúna chun ceadúnú fhoireann an ionaid mhonatóireachta a sheoladh
Caighdeán tionscail a ullmhú le haghaidh IPanna má dhéantar an cinneadh chun leanúint ar aghaidh le ceadúnú	Ráithe 1 2015	Caighdeán le haghaidh ceadúnú IP
Comhaontú a dhéanamh ar chláir oiliúna le haghaidh glasadóirí agus suiteálaithe taisceadán	Ráithe 2 2015	Cinneadh ar chumas an tionscail chun oiliúint a sholáthar chun ceadúnú a éascú faoi Ráithe 2 2016
Caighdeán tionscail a ullmhú le haghaidh comhairligh shlándála má dhéantar an cinneadh chun leanúint ar	Ráithe 4 2015	Caighdeán le haghaidh ceadúnú comhairleach slándála

aghaidh le ceadúnú		
Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin reatha le haghaidh slándáil leictreonach ag féachaint don teicneolaíocht reatha	Ráithe 4 2015	Caighdeáin leasaithe le haghaidh rialú rochtana agus CCTV
Athbhreithniú a dhéanamh ar cibé acu an dteastaíonn nó nach dteastaíonn caighdeán ar leibhéal níos airde	Ráithe 4 2015	Cinneadh ar chaighdeáin amach anseo
Tabhairt faoi chleachtadh comhairliúcháin ar riachtanais oiliúna le haghaidh slándáil leictreonach	Ráithe 2 2016	Cinneadh ar chumas an tionscail chun oiliúint a sholáthar chun ceadúnú a éascú faoi Ráithe 3 2016
Athbhreithniú a dhéanamh ar an oiriúnacht agus feiliúint na reachtaíochta ag féachaint d'fhorbairtí an tionscail agus teicneolaíochta	Leathbhealach tríd an straitéis	Tuairisciú a dhéanamh leis an Aire ar fhorbairtí slándála amach anseo

Sprioc 4: Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhinicíocht na cumarsáide.

Cuspóirí

Na cainéil a mhéadú le haghaidh cumarsáid phoiblí agus tionscail

Feabhas a chur ar bhraistint phoiblí agus an tionscail i leith an ratha chorparáidigh a bhíonn ar cheadúnú agus forfheidhmiú

Faisnéis chruinn agus thráthúil a sholáthar faoi obair chorparáideach agus an obair sin a bhaineann go sonrach le hearnálacha de chuid an PSA.

Idirghníomhú níos minice ar bhonn aonair le cliaint an tionscail.

Tabhairt faoi níos mó feachtais faisnéise faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha, lena n-áirítear féidearthacht na bhfeachtas fógraíochta don mhéid a leanas:

- Caighdeán nua le haghaidh glasadóirí agus suiteálaithe taisceadán
- Ceanglais nua oiliúna le haghaidh foireann slándála imeachtaí
- Feachtas faisnéise a lorgaíonn aighneachtaí ar na cáilíochtaí oiliúna le haghaidh na foirne slándála leictreonaí

A chinntiú go bhfuil ár bhfoireann cothrom le dáta ar ár ndul chun cinn maidir lenár bhfís a chomhlíonadh, agus ar aon cheist a imríonn tionchar ar a saol oibre.

Uirlisí chun na cuspóirí a chur i bhfeidhm

Teastóidh an méid a leanas ó chur i bhfeidhm rathúil an chuspóra seo

- Acmhainn bhreise chun cumarsáid a chur chun cinn – chun aonad a bhunú, theastódh acmhainn nua foirne an PSA (tuarastal thart ar €100,000 sa bhliain, nó acmhainn sheachtrach ar conradh mar aon le hacmhainn laghdaithe inmheánach chun ábhar a aimsiú etc. a chosnódh thart ar €20,000 mar aon le costais sheachtracha)
- Líne bhreise bhuiséid chun tacú leis an margaíocht agus leis an gcumarsáid
- An méadú a lorgaíodh roimhe seo ar fhoireann tacaíochta riaracháin lena chur ar chumas níos mó oibre a dhéanamh atá dírithe ar chomhlíonadh ar bhonn chur chuige na mangaireachta gutháin de i measc chliaint an tionscail

Gníomh	Líne Ama	Toradh
Láithreán gréasáin nua an PSA a sheoladh	Ráithe 4 2014	Cumas feabhsaithe chun díriú ar lucht leanta éagsúil
Idirghníomhú aonair le cliaint an tionscail lena sheiceáil an bhfuil an tseirbhís á soláthar i gcomhréir leis na caighdeáin	Ráithe 4 2014	Próifíl fheabhsaithe le haghaidh an PSA
Úsáid na meán sóisialta a fhiosrú	Ráithe 4 2014	Úsáid roghnaithe na meán sóisialta nó fothaí le meáin shóisialta eile
Féidearthacht fotha RSS a fhiosrú	Ráithe 4 2014	Cumarsáid fheabhsaithe le páirtithe leasmhara
Lógó an PSA a úsáid i measc gach soláthróra cheadúnaithe	Ráithe 4 2014	Infheictheacht níos fearr maidir leis an PSA
Ceistneoir bliantúil chun measúnú a dhéanamh ar rath	Ráithe 2 2015 agus an Ráithe ina dhiaidh sin	An cumas chun díriú ar bhearnaí faisnéise ar bhonn earnála

Machnamh a dhéanamh ar threo na rialála amach anseo	Ráithe 2 2015	Comhdháil Pháirtithe Leasmhara Mheántearma Bhord an PSA
Líon na n-alt den PSA a phioc tríú páirtithe suas (na meáin agus cinn eile)	Ráithiúil	Páirtíocht níos fearr le hasraonta

Spríoc 5: Forbairt na Foirne.

Cuspóirí

Róil foirne a fhorbairt agus an saineolas reatha agus riachtanais eolais amach anseo an PSA á gcur san áireamh.

Tacú le riachtanais eolais amach anseo le rochtain fheabhsaithe ar acmhainní agus saineolas teicniúil

Athbhreithniú a dhéanamh ar oiliúint agus forbairt foirne ag féachaint d'fhorbairt phearsanta na foirne agus do riachtanais eagraíochtúla amach anseo

Feasacht níos mó an tionscail ar an bhfoireann ghinearálta

Saineolas a sholáthar mar thacaíocht riachtanach leis an bhfoireann

Na hacmhainní riachtanacha a sholáthar lena chur ar chumas na foirne tabhairt faoi dhualgais níos airde

Uirlisí chun an cuspóir a chur i bhfeidhm

Teastóidh an méid a leanas ó chur i bhfeidhm rathúil an chuspóra seo

- Acmhainní chun saineolas seachtrach a earcú
- Feabhas a chur ar chumas an bhunachair shonraí reatha

Gníomh	Líne Ama	Toradh
Córais bhunachar sonraí níos fearr a thabhairt isteach chun scaoileadh le hacmhainní foirne chun tabhairt faoi obair níos casta	Lár 2015	Feabhas curtha ar fhorbairt na foirne agus freagrachtaí níos mó agus dúshláin phoist níos mó rompu
Cruinnithe rialta agus ábhartha faisnéise le haghaidh na foirne	Lár 2014	Feabhas a chur ar fhorbairt leanúnach foirne agus feasacht ar an tionscal
Nuashonruithe ar an athrú teicneolaíochta a imríonn tionchar ar sholáthar seirbhísí slándála	Leanúnach	Feabhas a chur ar chumas na foirne chun dul i ngleic le modhanna seachadta amach anseo le haghaidh seirbhísí slándála

Spríoc 6: Barr feabhais a chur ar ról chigirí an PSA i maoirsiú deimhniúcháin

Cuspóirí

Athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas deimhniúcháin ar mhaithe le comhlíonadh chaighdeáin an PSA a sholáthar agus aonfhoirmeacht chur i bhfeidhm gach caighdeáin a chinntiú

Aon leasuithe reachtaíochta a bhreithniú a theastaíonn chun tacú le maoirsiú níos fearr dheimhniúcháin an PSA

Athbhreithniú a dhéanamh ar shaolréanna iniúchta ar aon dul leis an tsaolré cheadúnaithe

Uirlisí chun an cuspóir a chur i bhfeidhm

- Acmhainní chun taighde a dhéanamh ar aon chóras nua agus íoc as an gcóras sin (déan machnamh ar an bhfoireann shinsearach a úsáid a lorgaíodh cheana féin le haghaidh obair forbartha oiliúna agus caighdeán) Mura bhfuil fáil ar aon fhoireann, ba cheart a mholtar go lorgaítear acmhainní le haghaidh comhairleach seachtrach – cé go gcruthaíonn seo tairbhe níos lú don PSA
- Athrú féideartha reachtaíochta
- Acmhainní chun réiteach fadtéarma a chur i bhfeidhm, cé go bhféadfadh uathobriú méadaithe de phróiseáil cheadúnais roinnt foirne a scaoileadh chun tabhairt faoi na tascanna seo

Gníomh	Líne Ama	Toradh
Tá an PSA le freastal ar iniúchtaí fánacha a dhéanann comhlachtaí deimhniúcháin	Ráithe 3 2014	Faisnéis níos mó maidir leis na deacrachtaí praiticiúla ar an láthair
Acmhainní breise nó comhairleach ar conradh chun tabhairt faoi staidreamh scóipe ar na roghanna éagsúla atá ar fáil	Ráithe 2 2015	Tuarascáil curtha faoi bhráid an Aire, lena n-áirítear tograí le haghaidh aon athruithe reachtaíochta a theastaíonn chun tacú leis an tsamhail nua
Athbhreithniú a dhéanamh ar shaolré an iniúchta ag féachaint do thorthaí ar sholáthar deimhniúcháin	Ráithe 2 2015	Athbhreithniú déanta ar shaolré an iniúchta
Aon athruithe curtha i bhfeidhm i ndiaidh na tuarascála	Ráithe 4 2016	Athruithe curtha i bhfeidhm lena chur ar chumas an PSA aistriú chuig céim nua rialála

5. Cur i bhfeidhm – Ag Tabhairt faoi Ghealltanais

I rith shaolré an phlean straitéisigh seo, cinnteoidh an PSA go dtugtar faoi ghealltanais i dtráth agus gan an buiséad a shárú. Beimid freagrach as ár bhfeidhmíocht ar bhealach oscailte, trédhearcach agus poiblí. Tugtar faoi thuairisciú feidhmíochta ar na bealaí a leanas:

- **Bord an Údaráis Slándála Príobháidí**
Déanann an POF agus an fhoireann bhainistíochta sinsearaí tuairisciú rialta don Bhord agus dá gCoistí agus cuirtear tuarascálacha rialta i dtoll a chéile maidir le dul chun cinn ar chur i bhfeidhm an phlean.
- **An tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais**
Tuarascáil an PSA leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais i dTuarascálacha Bliantúla ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na spriocanna sa phlean seo a bhaint amach.
- **Iniúchadh Neamhspleách Seachtrach**
Tugann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste (AR C+C) faoi iniúchtaí bliantúla ar ioncam agus caiteachais, córais oibriúcháin, nósanna imeachta agus cleachtais, mar aon le hathbhreithnithe tréimhsiúla ar luach ar airgead.
- **An Fhoireann Bhainistíochta Sinsearaí**
Tá an fhoireann bhainistíochta sinsearaí freagrach as spriocanna feidhmíochta a leagan amach le haghaidh gach gníomhaíochta, agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith na spriocanna seo.

Pleananna Bliantúla Gnó

Déanfaidh pleananna bliantúla gnó cláir mhionsonraithe obair aonad gnó a dhéanamh den phlean straitéiseach seo. Forbróidh bainisteoirí na n-aonad oibríochtúil uile pleananna gnó a fhorbairt lenár bhfoirne uile fostaithe, a chuireann ar chumas na foirne an deis a bheith acu chun ionchur bríoch a bheith acu i gcur i bhfeidhm an phlean.

Bainistíocht Feidhmíochta

Bainfidh ríthábhacht le bainistíocht agus tomhas feidhmíochta i dtaobh chur i bhfeidhm rathúil an phlean seo. Déanfaidh an PSA monatóireacht ar chur i bhfeidhm na straitéise seo ag eatraimh rialta i gcaitheamh a saolré agus déanfaidh siad an straitéis a choigeartú mar is gá. Cinnteoidh an mhonatóireacht seo, ar an gcéad dul síos, go dtugann ár ngníomhartha faoin sprioc de shíor agus go leanann siad le bheith comhsheasmhach lenár Ráiteas Misin. Nuair a chuirtear san áireamh na deacrachtaí reatha atá laistigh den tionscal, cinnteoidh an mhonatóireacht, chomh maith leis sin, go nglacann an PSA leis an gcur chuige is fearr don tionscal agus don phobal araon.

Níos tábhachtaí ná sin, déanfaidh athbhreithniú agus monatóireacht gan staonadh an dul chun cinn a thomhas maidir leis an straitéis seo a chur i bhfeidhm, agus san áit ar gá, rachaimid i mbun gníomh ceartaithe lena chinntiú go dtugtar faoi na cuspóirí seo.

Cuirfidh cumarsáid leanúnach lenár bpáirtithe leasmhara uile faisnéis ar fáil don obair seo, go háirithe ionadaithe d'fhostóirí agus d'fhostaithe tionscail chun comhairle a thabhairt ar an tionchar seachtrach a bhíonn ag gníomhartha chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.

Anuas air sin, cuirfidh Bord an Údaráis comhairle ar an Aire i leith aon cheist airgeadais/easnaimh a imríonn tionchar tromchúiseach ar obair an PSA maidir le tabhairt faoina sainchúram.